



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/804 ÓN gCOIMISIÚN

ón gCoimisiún an 7 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tileanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ⁽¹⁾ (‘an bun-Rialachán’), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Na bearta atá i bhfeidhm

- (1) Tar éis imscrúdú frithdhumpála (‘an t-imscrúdú bunaidh’), tá allmhairí tileanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce faoi réir bearta frithdhumpála a shorcuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún (‘an Rialachán bunaidh’) ⁽²⁾. Is idir 6,7 % agus 8,7 % atá na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí ón India, agus tá na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí ón Tuirc idir 4,8 % agus 20,9 %.
- (2) Tháinig Lavish Granito Limited agus a chuideachtaí comhlachaithe chun cinn ag tionscnamh an imscrúdaithe agus rinneadh sampláil orthu. Mar a mhínítear in aithrisí (202) agus (208) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún, ní bhfuarthas aon dumpáil a mhéid a bhain sé le Grúpa Lavish. Dá bhrí sin, sonraíodh in Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 nach raibh na dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir le honnmhairí arna ndéanamh ag cuideachtaí laistigh de Ghrúpa Lavish.

2. Iarraidh

- (3) An 16 Feabhra 2023, d'iarr Grúpa Lavish agus a chuideachtaí comhlachaithe (‘na hiarratasóirí’) go gcuirfí Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP (‘Silk agus Luxgres’) ar liosta na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ar cuid de Ghrúpa Lavish iad (cód breise TARIC C903).

3. Anailís ar an iarraidh

- (4) Le linn an imscrúdaithe bunaidh, fuarthas amach go raibh an dá chuideachta ina gcuid de Ghrúpa Lavish, ach ós rud é nár onnmhairíodh na táirgí a mhonaraigh siad chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh (an 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2021), níor liostaíodh a n-ainmneacha i measc na gcuideachtaí a bhaineann le Grúpa Lavish in Airteagal 1(3) den Rialachán bunaidh.
- (5) Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfaisnéis a chuir Silk agus Luxgres ar fáil i gcomhthéacs an imscrúdaithe bunaidh agus san aighneacht a chuir siad isteach an 16 Feabhra 2023. D'iarr sé agus fuair sé faisnéis bhreise ó na páirtithe lena mbaineann.
- (6) Ar an mbonn sin, dheimhnigh an Coimisiún go bhfuil baint ag an dá chuideachta sin le Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics, Lakme Vitrified LLP agus Liva Ceramics, agus nár onnmhairigh siad tileanna ceirmeacha a mhonaraigh siad chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Ina theannta sin, bhí sé in ann a shuí gur thosaigh siad ag onnmhairiú tileanna ceirmeacha a mhonaraigh siad chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Dheimhnigh an Coimisiún freisin nár bhain méideanna agus praghsanna díola an dá chuideachta san Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin an bonn ar bhealach ar bith de na conclúidí maidir le hiompraíocht praghsála Ghrúpa Lavish ar thángthas orthu le linn an imscrúdaithe. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur chomhoibriú an dá chuideachta san imscrúdú bunaidh, ceann amháin mar tháirgeoir/trádálaí intíre agus an ceann eile mar tháirgeoir comhlachaithe a chuir tús le hoibriúcháin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, agus gur measadh iad araon mar chuid de Ghrúpa Lavish.

⁽¹⁾ IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí tileanna ceirmeacha de thionscnamh na hIndia agus na Tuirce (IO L 41, 10.2.2023, lch. 1).

- (7) I bhfianaise na mbreithnithe sna haithrisí thuas agus i gcomhréir le hAirteagal 14(1) den bhun-Rialachán, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Airteagal 1(3) den Rialachán bunaidh a leasú trí Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP a chur le heintitis Ghrúpa Lavish a liostaítear faoi chód breise TARIC C903.

4. Nochtaí

- (8) An 30 Lúnasa 2023, nocht an Coimisiún a thorthaí do na hiarratasóirí agus do thionscal an Aontais.
- (9) Tar éis iarraidh a fháil, reáchtáladh éisteachtaí le tionscal an Aontais an 25 Deireadh Fómhair agus an 1 Nollaig 2023 ⁽³⁾, nuair a d'athdhearbhaigh tionscal an Aontais na barúlacha a rinne sé i scríbhinn roimhe sin, a bhfuil achoimre orthu agus a dtugtar aghaidh orthu thíos, agus chuir sé aighneacht i scríbhinn ar fáil tar éis na héisteachta.
- (10) Tugadh fógra do Ghrúpa Lavish agus iarradh air barúlacha a chur ar fáil maidir le haighneacht thionscal an Aontais a cuireadh isteach i ndiaidh na héisteachta.
- (11) Mar fhreagairt ar mhaímh maidir le heaspa réasúnaíochta (féach aithris (14)), chuir an Coimisiún nochtadh breise ar fáil an 15 Nollaig 2023 ina raibh bunús dlí lena chonclúidí, nochtadh a bhí in easnamh go neamhbheartaithe ón gcéad nochtadh. Tugadh deis nua do gach páirtí leasmhar barúil a thabhairt maidir leis an nochtadh.
- (12) Thug Grúpa Lavish barúlacha an 20 Nollaig 2023, ach níor thug tionscal an Aontais aon bharúil de bhreis ar an nochtadh eile sin.
- (13) Tugtar aghaidh ar na barúlacha uile a fuarthas le linn an imscrúdaithe sa chéad roinn eile.

5. Barúlacha maidir leis na nochtaí

- (14) Sna barúlacha an 18 Meán Fómhair 2023, mhaígh tionscal an Aontais gur cheart don dá chuideachta atá comhlachaithe le Grúpa Lavish an dleacht iarmharach a fháil go dtí go bhféadfaí iad a athbhreithniú i gceart faoi Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, ag tagairt do DS505 (*United States – Countervailing Measures on Supercalendered Paper from Canada*) [Na Stáit Aontaithe - Bearta Frithchúitimh maidir le páipéar sárchalandraithe ó Cheanada] ⁽⁴⁾. Thagair tionscal an Aontais freisin do cheann de na ráitis a rinne an Coimisiún sa nochtadh, mar atá 'méideanna agus praghsanna díola an Aontais tar éis na tréimhse imscrúdúcháin, níor bhain siad an bonn ar bhealach ar bith de na conclúidí maidir le hiompraíocht praghsála Ghrúpa Lavish a baineadh amach le linn an imscrúdaithe', agus d'áitigh sé nár sainmhíníodh 'iompraíocht praghsála' aon áit sa bhun-Rialachán. Ina ionad sin, mhaígh tionscal an Aontais gur cheart don Choimisiún measúnú a bheith déanta aige ar an ngnáthluach le haghaidh na sé tháirgeoir onnmhairiúcháin uile a bhí ina gcuid de Ghrúpa Lavish, i.e. na ceithre tháirgeoir a ndearnadh imscrúdú orthu san imscrúdú bunaidh mar aon le Silk agus Luxgres.
- (15) Níor ghlac an Coimisiún leis nár thug sé réasúnaíocht leordhóthanach. Tá na fíorais bhunriachtanacha ar ar bhunaigh an Coimisiún a chinneadh an-soiléir: 1) bhí an dá chuideachta ina gcuid de Ghrúpa Lavish; 2) níor onnmhairigh siad le linn na tréimhse imscrúdúcháin; 3) ní chumhdaítear onnmhairí Ghrúpa Lavish leis na bearta frithdhumpála. Shoiléirigh an Coimisiún a thuilleadh sa dara nochtadh gur chomhoibrigh an dá chuideachta leis an imscrúdú bunaidh, ceann amháin mar tháirgeoir/trádálaí intíre, agus an ceann eile mar tháirgeoir nach raibh ag feidhmiú go fóill le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Go deimhin, ó na barúlacha a tugadh an 18 Meán Fómhair is léir go raibh tuiscint iomlán ag tionscal an Aontais ar chúiseanna an Choimisiúin ach nach raibh sé sásta leis go raibh grúpa, nach bhfuarthas ina leith go raibh sé ag dumpáil, saor lena ghnó a eagrú mar ba mhian leis. I bhfianaise chonclúidí Phainéal EDT um réiteach díospóidí maidir le mairteoil agus rís ⁽⁵⁾ ('Mairteoil agus Rís'), ní dhearna tionscal an Aontais agóid i gcoinne eisiamh Ghrúpa Lavish ó na bearta i gcomhréir le hAirteagal 9(3) den bhun-Rialachán.

⁽³⁾ Tugadh deis do thionscal an Aontais an dara héisteacht a fháil mar gheall ar fhadhbanna teicniúla le linn na chéad éisteachta nuair nár ligeadh dó a chur i láthair a chríochnú. Tugadh an deis do Ghrúpa Lavish barúil a thabhairt maidir leis an gcur i láthair a rinne tionscal an Aontais an 1 Nollaig 2023.

⁽⁴⁾ WT/DS505/ARB, 13 Iúil 2022, mír 8.274 (lch. 138).

⁽⁵⁾ Tuarascáil ón bPainéal ag míreanna 7.248 agus 7.251 (WT/DS295/R, 6.6.2005).

- (16) Cinneadh gur neamhábhartha a bhí an tagairt a rinne tionscal an Aontais do dhlí-eolaíocht EDT chun tacú lena argóint gur cheart an dá chuideachta de chuid Ghrúpa Lavish a bheith faoi réir na dleachta iarmharáí go dtí go ndéanfaí athbhreithniú onnmhaireora nua toisc go bhfuil difríocht bhunúsach idir fíorais an dá chás. Go deimhin, níl Grúpa Lavish faoi réir na mbeart agus rinneadh imscrúdú ar Silk agus Luxgres araon.
- (17) I ndáil lena ráiteas lena mbaineann iompraíocht praghsála Ghrúpa Lavish, shoiléirigh an Coimisiún nach raibh sé d'oibleagáid air de réir an dlí, ar bhealach ar bith, aon anailís ar phraghsanna a dhéanamh chun teacht ar an gconclúid a leagtar amach sa nochtadh, is é sin gur ghá Silk agus Luxgres, ina gcuid de Ghrúpa Lavish, a eisiáimh go sainráite ó na bearta a forchuireadh leis an rialachán bunaidh (féach aithris(15)).
- (18) Ina theannta sin, de réir na hargóinte a chuir tionscal an Aontais chun cinn san aighneacht i ndiaidh na héisteachta, níor tagraíodh riamh i nDoiciméad Ginearálta um Nochtadh an 30 Lúnasa 2023 do mhairteoil agus rís agus cinneadh go raibh sí iomrallach. Sa dara nochtadh, thug an Coimisiún an bunús dlí leis an leasú seo ar an mbun-Rialachán, is é sin, Airteagal 14(1) den bhun-Rialachán. Mar a chinn an Chúirt, ⁽⁶⁾ tugtar de chumhacht don Choimisiún leis an bhforáil sin critéir a leagan síos maidir le dleachtanna frithdhumpála a bhailiú. Sa chás seo, tríd an rialachán bunaidh a leasú, soiléiríonn an Coimisiún do na húdaráis chustaim nár cheart dleachtanna frithdhumpála a bhailiú a mhéid a bhaineann le honnmhairí an dá chuideachta atá i gceist ós rud é gur le Grúpa Lavish iad. Thairis sin, déantar dumpáil a ríomh le haghaidh grúpaí cuideachtaí agus cuirtear bearta i bhfeidhm ar gach cuideachta chomhlachaithe de réir an ráta chéanna. I ndáil leis an argóint a rinne tionscal an Aontais gur cheart caitheamh leis an dá chuideachta ina n-onnmhaireoirí nua ar le Grúpa Lavish iad, measadh ní hamháin go raibh an argóint míchruinn - go háirithe ós rud é go ndearnadh imscrúdú ar na cuideachtaí sin le linn an cháis bunaidh - ach measadh nárbh fhéidir ach an oiread é sin a chur i bhfeidhm ó thaobh an dlí de mar níor mhór cuideachtaí uile an ghrúpa a chumhdach le hathbhreithniú agus, mar a shonraítear in aithris (15), eisiadh Grúpa Lavish ó na bearta frithdhumpála agus ní féidir leis a bheith faoi réir athbhreithniú. Cháin tionscal an Aontais seasamh an Choimisiúin ach níor chuir sé aon rogha eile ar fáil atá i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (19) Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.
- (20) Ina theannta sin, mhaígh tionscal an Aontais nár deonaíodh rochtain thráthúil dó ar an gcomhad oscailte.
- (21) Mar a luaitear thuas, ní chumhdaítear Grúpa Lavish le bearta frithdhumpála agus, dá bhrí sin, ní raibh aon bhunús dlí ag an gCoimisiún chun na bearta a leathnú chun an dá chuideachta de chuid an ghrúpa a chumhdach. Chun trédhearcacht a áirithiú, áfach, nocht an Coimisiún do thionscal an Aontais go raibh sé beartaithe aige an rialachán bunaidh a leasú sula bhfoilseofar é. Cuireadh an faisnéis ábhartha ar fad ar fáil do thionscal an Aontais, agus rúndacht á hurramú, agus tugadh am iomchuí dóibh chun barúlacha a thabhairt maidir leis na nochtaí agus maidir leis an gcomhad oscailte araon. Cuireadh dhá dheis fhoirmiúla ar fáil dóibh chun barúil a thabhairt maidir leis na nochtaí agus deonaíodh dhá éisteacht dóibh freisin. Ar an iomlán, bhí 34 lá ag tionscal an Aontais, i.e. ón 8 Meán Fómhair 2023 go dtí an 12 Deireadh Fómhair 2023, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcomhad agus chun a bharúlacha deiridh a chur ar fáil, tréimhse a bhí leordhóthanach go maith i ngeall ar chineál an cháis chun a gcearta cosanta a fheidhmiú ina n-iomláine. Ós rud é nár thug tionscal an Aontais aon bharúil tar éis an dara nochtadh, deimhnítear leis sin freisin go raibh siad ar an eolas faoi na fíorais uile agus gur thuig siad go hiomlán cúiseanna an Choimisiúin lena chinntí a dhéanamh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.
- (22) Mhaígh tionscal an Aontais de bhreis air sin gur chuir na hiarratasóirí faisnéis mhíthreorach ar fáil maidir le ról beacht agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha gach cuideachta comhlachaithe laistigh de Ghrúpa Lavish. Mhaígh sé freisin nach raibh an ceart ag an gCoimisiún maidir lena chonclúid Silk agus Luxgres a áireamh sa chód TARIC is infheidhme cheana maidir leis na ceithre tháirgeoir onnmhairiúcháin a ndearnadh imscrúdú orthu roimhe sin i bhfianaise neamh-chomhoibriú dealraitheach Luxgres Ceramica LLP san imscrúdú bunaidh. Athdhearbhaíodh an maíomh sin ina aighneacht i ndiaidh na héisteachta an 6 Nollaig 2023, cé gur shoiléirigh an Coimisiún cheana féin le linn na héisteachta an 1 Nollaig gur chomhoibrigh an dá chuideachta le linn an imscrúdaithe. Ina theannta sin, d'ardaigh tionscal an Aontais sraith ceisteanna/maíomh maidir leis an imscrúdú bunaidh, amhail nach féidir leo a thuiscint cé na cuideachtaí a fíoraíodh le linn an imscrúdaithe bunaidh agus/nó cé na cuideachtaí a bhí ina gcuid den ghrúpa. I ndáil leis sin, chuir Grúpa Lavish in iúl gur chomhoibrigh Silk agus Luxgres le linn an imscrúdaithe bunaidh. Go háirithe, chomhdaigh Silk freagra ar cheistneoir onnmhaireora ar TRON, ar fhíoraigh an Coimisiún le linn an fhíorúcháin ar an láthair é. Rinne an Coimisiún fíorúchán ar an láthair ar áitreabh Luxgres freisin, mar a shonraigh Grúpa Lavish. Thairis sin, luaigh Grúpa Lavish go raibh Silk agus Luxgres araon comhlachaithe le Grúpa Lavish.

⁽⁶⁾ Deichmann, C-256/16, mír 60.

- (23) Tá an measúnú a rinne tionscal an Aontais ar an gcomhad oscailte mícheart. Shoiléirigh an Coimisiún sa dara nochtadh gur chomhoibrigh an dá chuideachta le linn an imscrúdaithe bunaidh mar chuid de Ghrúpa Lavish. Bhí an Coimisiún in ann measúnú cruinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí beachta gach cuideachta de Ghrúpa Lavish faoi chuimsiú an fhíorúcháin a rinneadh ar an láthair. Go háirithe, bhí an Coimisiún in ann a mheas go raibh Silk agus Luxgres comhlachaithe leis na heintitis ghrúpa ábhartha eile agus nár onnmhairigh siad tleanna ceirmeacha chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Níos tábhachtaí fós, thug an Coimisiún dá aire go raibh an t-imeacht reatha dírithe ar an ráta is infheidhme maidir le roinnt cuideachtaí de chuid Ghrúpa Lavish a fhorchur i gceart agus gan athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an imscrúdaithe bunaidh. Dá mbeadh aon cheist ag tionscal an Aontais faoi chomhoibriú an ghrúpa le linn an imscrúdaithe bunaidh, ba cheart iad a bheith ardaithe aige le linn an imeachta bunaidh. Go deimhin, dá mba rud é nár chomhoibrigh an dá chuideachta chomhlachaithe, d'fhéadfadh Grúpa Lavish ina iomláine a bheith faoi réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán (na fíorais atá ar fáil) ansin. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na máimh.
- (24) Ina theannta sin, mhaígh tionscal an Aontais ina aighneacht i ndiaidh na héisteachta an 6 Nollaig 2023, dá n-áireofaí an dá chuideachta ina gcuid de Ghrúpa Lavish i Rialachán leasaithe, go mbeadh bearta frithdhumpála an Aontais go measartha neamhéifeachtach, agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé sin an bealach a réiteach chun gníomhú ina mhol infheistíochta ag cuideachtaí eile agus tairbhe a bhaint as dleacht nialasach.
- (25) Seachas a bheith an-amhantrach agus scoite go hiomlán ó na fíorais atá á measúnú faoi láthair, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuarthas amach nach raibh Grúpa Lavish ag dumpáil agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon srian dlíthiúil aige ar a ghnó. Rinne tionscal an Aontais líomhaintí go bhfuil Grúpa Lavish ag dul timpeall ar na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm trí tháirgí arna dtáirgeadh ag an dá tháirgeoir nua a onnmhairiú chuig an Aontas ach tá na líomhaintí sin iomrallach: níl bearta i bhfeidhm maidir le Grúpa Lavish agus, dá bhrí sin, ní féidir teacht timpeall ar bhearta (nach ann dóibh). Má tá fianaise ag tionscal an Aontais gur thosaigh Grúpa Lavish ag dumpáil i margadh an Aontais tar éis na mbearta bunaidh agus go bhfuil an cleachtas sin ag déanamh díobhála do thionscal an Aontais, ní mór dó gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 5 den bhun-Rialachán, faoina ndéanfar imscrúdú ar Ghrúpa Lavish (dumpáil, díobháil agus nasc cúisíoch) as an nua.
- (26) Ina theannta sin, an dearbhú a dhéanann tionscal an Aontais go mbeadh iallach ar onnmhairroirí nua, de ghnáth, atá comhlachaithe le grúpaí a chumhdaítear le bearta cosanta trádála an dleacht iarmharach a íoc, tá an dearbhú sin mícheart. Onnmhairroirí nua, ar le grúpaí iad a sampláladh le linn an imscrúdaithe bunaidh, chuirfí iad faoi réir an leibhéil dleachta is infheidhme maidir leis an ngrúpa ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha maidir le hathbhreithniú faoi Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, dhéanfaí ráta nua a ríomh bunaithe ar struchtúr onnmhairiúcháin nua an ghrúpa. Ar an taobh eile, gheobhadh onnmhairroirí nua atá comhlachaithe le cuideachtaí neamhshampláilte a liostaítear san iarscríbhinn a ghabhann le táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha (neamhshampláilte) ráta na gcuideachtaí comhoibríocha tar éis don Choimisiún a dheimhniú go raibh siad ina gcuid den ghrúpa a chomhoibrigh agus nár onnmhairigh chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Ar scor ar bith, níl ceachtar den dá chás sin infheidhme maidir le Grúpa Lavish nach bhfuil, mar a mhínítear thuas, faoi réir an bhiot frithdhumpála atá i gceist.
- (27) Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh thionscal an Aontais thuas.
- (28) D'áitigh tionscal an Aontais freisin go bhfuil torthaí an Choimisiúin, mar a nochtadh do pháirtithe an imeachta seo, ar neamhréir leo siúd a bhí mar fhreagra ar iarraidh a rinne páirtí eile a sampláladh san imscrúdú bunaidh, ar iarraidh í a líomhnaíodh a bhí comhionann. Thug tionscal an Aontais dá aire, maidir le hiarraidh ó Ghrúpa Conor, dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin breise, Coral Plus Ceramic Private Limited agus Cyan Granito LLP, nár ghlac an Coimisiún le hiad a chur san áireamh sa Rialachán bunaidh. Athdhearbháíodh an maíomh sin ina aighneacht i ndiaidh na héisteachta an 6 Nollaig 2023.
- (29) Níor mhór diúltú don mhaíomh sin. Níl cás an dá ghrúpa inchomparáide ós rud é go gcumhdaítear onnmhairí Ghrúpa Conor leis an mbearta frithdhumpála a fhorchuirtear leis an rialachán bunaidh, agus nach gcumhdaítear onnmhairí Ghrúpa Lavish. Thairis sin, bhí an ráta dleachta iarmharach is infheidhme maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin san India bunaithe ar an ráta dleachta a suíodh le haghaidh Ghrúpa Conor agus cothrom leis. I bhfocail eile, bhí an iarraidh neamhéifeachtach. Dá réir sin, caitheadh an dá ghrúpa ar bhealach éagsúil.

- (30) Chuir tionscal an Aontais iarraidh mhalartach isteach go ndéanfaí athbhreithniú ar Silk agus Luxgres faoi Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, agus luaigh sé go bhfuarthas amach nach raibh siad ina gcuid de Ghrúpa Lavish le linn an imscrúdaithe bunaidh. Thug an Coimisiún dá aire, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé mícheart gur measadh nach raibh na cuideachtaí ina gcuid de Ghrúpa Lavish. Níor measadh gur táirgeoirí onnmhairiúcháin iad toisc nár onnmhairigh siad chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ní hamháin gur measadh iad a bheith ina gcuid de Ghrúpa Lavish ach baineadh leas as sonraí freisin (corrlach brabúis maidir le tíleanna ceirmeacha trádáilte) ó cheann de na cuideachtaí (trádálaí le linn na tréimhse imscrúdúcháin) chun corrlach dumpála an ghrúpa a ríomh. Ar an dara dul síos, de réir Airteagal 11(4), an ceathrú fomhír, ní féidir aon athbhreithniú a dhéanamh faoi Airteagal 11(4) i gcás inar forchuireadh dleachtanna faoi Airteagal 9(6), is é sin, nuair a rinneadh an tsampláil. Dá bhrí sin, bheadh an réiteach a mhol tionscal an Aontais ar neamhréir leis an mbun-Rialachán.
- (31) Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire gur thug tionscal an Aontais, ina aighneacht i ndiaidh na héisteachta, mífhaisnéis i leith roinnt de na soiléirithe a fuair sé ó sheirbhísí de chuid an Choimisiúin.
- (32) Ar an gcéad dul síos, mhaígh tionscal an Aontais gur chuir an Coimisiún faisnéis mhícheart ar fáil le linn na héisteachta faoin modheolaíocht a úsáidtear de ghnáth chun dumpáil a ríomh. Mhaígh tionscal an Aontais freisin gur chuir na seirbhísí ceist orthu cén fáth nár chuir na gearánaigh in aghaidh ríomh an chorrlaigh dumpála a bhí ag Grúpa Lavish an tráth a rinneadh é. Mhaígh sé freisin nach raibh sé ar an eolas faoin dá chuideachta a bheith ann agus nach bhféadfadh sé agóid a dhéanamh i gcoinne an ríomha dumpála.
- (33) Maidir leis an modheolaíocht a úsáidtear de ghnáth chun dumpáil a ríomh, thug an Coimisiún dá aire gur bhain tionscal an Aontais úsáid as an sampla fioreisceachtúil a thug na seirbhísí le linn na héisteachta agus agóid á déanamh aige i gcoinne chruinneas ráiteas na seirbhísí. Go deimhin, mar a mhíníonn na seirbhísí, is eintiteas dlíthiúil é a ríomhann corrlach dumpála grúpa i bprionsabal agus ansin tá an corrlach dumpála deiridh bunaithe ar mheán ualaithe corrlaigh gach eintitis. Mar sin féin, i gcásanna eisceachtúla, amhail sna cásanna sin nach ndíolann cuideachtaí grúpa ach ar bhonn intíre agus nach n-onnmhairíonn cuideachtaí eile ach ar bhonn intíre, déanfar an chomparáid idir gnáthluach foriomlán an ghrúpa agus praghsanna onnmhairiúcháin foriomlána an ghrúpa. Go deimhin, dearbhaíonn *Ferrosilicon* (?) a luaigh tionscal an Aontais ina aighneacht i ndiaidh na héisteachta, go bhfuil an soiléiriú a fuarthas le linn na héisteachta cruinn. Is fíor, sa chás sin, go raibh údar leis an athrú modheolaíochta toisc gurceadaíodh leis an struchtúr nua grúpa táirgeoirí aonair laistigh den ghrúpa a shainaitheint i ndáil le díolacháin agus táirgeacht, agus, dá bhrí sin, ní raibh gá le comhiomlánú a thuilleadh. Dá bhrí sin, an méid a shonraigh tionscal an Aontais faoin soiléiriú a tugadh le linn na héisteachta, tá sé bréagach agus míthreorach agus, dá bhrí sin, diúltaíodh dó.
- (34) Ar an dara dul síos, níor cheistigh seirbhísí an Choimisiúin cén fáth nach ndearna tionscal an Aontais agóid i gcoinne an chorrlaigh dumpála. Go deimhin, mar fhreagairt ar mhaímh a cuireadh i láthair le linn na héisteachta, shonraigh seirbhísí de chuid an Choimisiúin gur cheart agóid a bheith déanta le linn an imscrúdaithe bunaidh i gcoinne na modheolaíochta a úsáideadh chun an corrlach dumpála a ríomh le linn an imscrúdaithe sin, seachas sa nós imeachta reatha. In aon chás, an maíomh nach bhféadfadh sé agóid a dhéanamh i gcoinne an ríomha dumpála sa chás bunaidh toisc nach raibh sé ar an eolas faoin dá chuideachta a bheith ann go dtí go ndearnadh an nochtadh san imeacht seo, tá sé sin bréagach toisc go bhfuil roinnt doiciméad ina luaitear an dá chuideachta de chuid Ghrúpa Lavish le fáil i gcomhad oscailte an cháis bunaidh chomh luath leis an 14 Nollaig 2021, i.e. lá amháin tar éis a thionscnaimh
- (35) Ina bharúlacha dar dáta an 20 Nollaig 2023, d'athdhearbhaigh Grúpa Lavish go raibh sé i gcomhréir leis an mbun-Rialachán Silk agus Luxgres a áireamh ina chuid de Ghrúpa Lavish agus gur cheart don Choimisiún leanúint ar aghaidh leis an leasú atá beartaithe a fhoilsiú agus Silk agus Luxgres a áireamh mar chuid de Ghrúpa Lavish. D'iarr Grúpa Lavish ar an gCoimisiún dul ar aghaidh go pras chun aon mhíchaoithiúlacht le haghaidh allmhaireoirí agus úsáideoirí san Aontas a sheachaint.
- (36) Mar a réasúnaíodh sna haithrisí roimhe seo, d'aontaigh an Coimisiún leis an tuairim a chuir Grúpa Lavish in iúl.

(?) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 360/2014 ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhpála chinntitheach ar allmhairí fearó-sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle (IO L 107, 10.4.2016, lch. 13).

6. Leasú ar Airteagal 1(3) den Rialachán bunaidh.

- (37) I bhfianaise na mbreithnithe sna haithrisí thuas, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 a leasú trí Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP a chur le heintitis Ghrúpa Lavish a liostaítear faoi chód breise TARIC C903.
- (38) Cód breise TARIC C903, a sannadh roimhe seo do Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics, Lakme Vitrified LLP, agus Liva Ceramics, ba cheart feidhm a bheith aige maidir le Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP ón 11 Feabhra 2023 ar aghaidh.
- (39) Níor thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim uaidh maidir leis na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leasaítear Airteagal 1(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/265 mar a leanas:

‘Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón India, Grúpa Lavish Group, ina bhfuil Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics Pvt Ltd., Lakme Vitrified Pvt Ltd. agus Liva Ceramics Pvt Ltd. (cód breise TARIC C903), agus níl siad infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Tuirc Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş (Cód breise TARIC C902).’

cuirtear an méid seo a leanas ina ionad sin

‘Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón India, Grúpa Lavish, ina bhfuil Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics, Lakme Vitrified LLP, Liva Ceramics, Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP (cód breise TARIC C903), agus níl siad infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin ón Tuirc Vitra Karo Sanayi ve Ticaret A.Ş. (cód breise TARIC C902).’

2. Cód breise TARIC C903, a sannadh roimhe seo do na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón India, Lavish Granito Pvt Ltd., Lavish Ceramics, Lakme Vitrified LLP agus Liva Ceramics, beidh feidhm aige freisin maidir le Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP ón 11 Feabhra 2023 ar aghaidh.

3. Ón 11 Feabhra 2023 ar aghaidh, déanfar aon dleacht chinntitheach a íocadh ar allmhairí táirgí arna monarú ag Silk Ceramics agus Luxgres Ceramica LLP a aisíoc nó a loghadh i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN